**CINNEADH (CBES) 2025/388 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 24 Feabhra 2025**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES [1].

(2) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl nach mór leanúint de na hiarrachtaí chun cumas feartha cogaidh na Rúise a shrianadh a thuilleadh. Chuir sí in iúl freisin go bhfuil an tAontas faoi réir i gcónaí chun tuilleadh brú a chur ar an Rúis, lena n-áirítear trí smachtbhannaí breise a ghlacadh.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, is iomchuí bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(4) Measann an Chomhairle go háirithe gur cheart 48 dhuine agus 35 n-eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(5) I bhfianaise a thromchúisí atá an méid atá ag titim amach, measann an Chomhairle gur gá dhá chritéar eile a thabhairt isteach chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a liostú. Tá feidhm ag an gcéad chritéar maidir le daoine, eintities nó gcomhlachtaí ar leo soithí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí áirithe nó a sholáthraíonn tacaíocht ábhartha, theicniúil nó airgeadais ar shlí eile d'oibríochtaí na soithí sin, nó iad siúd a rialaíonn, a bhainistíonn, nó a oibríonn na soithí sin; tá feidhm ag an dara critéar maidir leo siúd atá mar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, a thugann tacaíocht ábhartha nó airgeadais dó, nó a bhaineann tairbhe as.

(6) Is cuid shuntasach de bhuiséad na Rúise é ioncam onnmhairí ola muiriompartha Cónaidhm na Rúise agus, dá bhrí sin, cuireann sé lena chogadh foghach neamhdhleathach ar an Úcráin. Chun críocha na n-onnmhairí ola sin, tá an Rúis ag brath níos mó agus níos mó ar chabhlach soithí a bhfuil baint aige le cleachtais loingseoireachta faoi bhun caighdeáin agus a bhfuil ardriosca ag baint leo, mar shampla ag obair le hárachas neamhleor nó easpa iomlán árachais ('scáthchabhlach'). Baineann rioscaí suntasacha sábháilteachta muirí agus comhshaoil leis na soithí sin don Aontas, dá Bhallstáit chósta agus do stáit chósta tríú thíortha eile. Luaigh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta na rioscaí sin go háirithe ina rún A.1192(33) ón gComhthionól Ginearálta a glacadh an 6 Nollaig 2023, ina n-iarrtar ar a Ballstáit agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile cumais agus cleachtais dícheall chuí a fhorbairt chun oibriú scáthchabhlaigh agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha arna n-éascú ag na soithí sin a chosc, a bhrath agus a thuairisciú. Comhlíontar an dá chuspóir sin nuair a dhéantar daoine agus eintitis a dhíspreagadh ó chleachtais loingseoireachta a bhfuil ardriosca ag baint leo a dhéanamh agus a éascú agus ola de thionscnamh na Rúise á hiompar acu. Dá bhrí sin, trí chur isteach ar oibríochtaí an scáthchabhlaigh, cuidítear leis an mbonn a bhaint de ghiniúint ioncaim ar son iarrachtaí cogaidh na Rúise agus ag an am céanna tacaítear le bearta idirnáisiúnta chun cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú agus a fheabhsú. Ba cheart na hiarrachtaí sin chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí scáthchabhlach a chur chun feidhme ar bhealach spriocdhírithe, agus leibhéal freagrachta na n-oibreoirí ábhartha sa chinnteoireacht agus in oibríochtaí á chur san áireamh. Thairis sin, níor cheart bac a chur ar sheirbhísí píolótacha atá riachtanach ar chúiseanna sábháilteachta muirí.

[1] Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI:http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

(7) Is iomchuí freisin maolú dífheistithe atá ann cheana a leathnú chuig triúr daoine aonair liostaithe breise, maolú maidir le soláthar earraí agus seirbhísí sonracha is gá do chóras meitreo Bhúdaipeist a áireamh agus raon feidhme dhá mhaolú atá ann cheana maidir le haistrithe áirithe cistí agus íocaíochtaí a leathnú..

(8) Is iomchuí leasú teicniúil a chur isteach chun soiléireacht na forála i gCinneadh 2014/145/CBESa bhaineann le doiciméid atá i seilbh institiúidí an Aontais agus le próiseáil sonraí pearsanta a áirithiú.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 1 cuirtear na pointí seo a leanas leis

‘(h) daoine nádúrtha ar leo soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam, ar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis iad agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca a dhéanamh acu mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta a rialaíonn, a bhainistíonn nó a oibríonn na soithí sin a, nó a sholáthraíonn tacaíocht ábhartha, theicniúil nó airgeadais ar bhealach eile d’oibríochtaí na soithí sin; nó

(i) daoine nádúrtha atá mar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, nó a thugann tacaíocht ábhartha nó airgeadais dó, nó a bhaineann tairbhe as, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata,’;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na pointí seo a leanas leis

‘(k) daoine nádúrtha ar leo soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam, ar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis iad agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca a dhéanamh acu mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta a rialaíonn, a bhainistíonn nó a oibríonn na soithí sin a, nó a sholáthraíonn tacaíocht ábhartha, theicniúil nó airgeadais ar bhealach eile d’oibríochtaí na soithí sin; nó

(l) daoine nádúrtha atá mar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, nó a thugann tacaíocht ábhartha nó airgeadais dó ar bhealach eile, nó a bhaineann tairbhe as, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 29:

‘29. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstáit, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na daoine aonair a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 92, 694, 719, 721, 881 agus 920 faoin gceannteideal “Daoine” san Iarscríbhinn, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) gur gá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha chun go ndíolfar agus go n-aistreofar faoin 30 Meitheamh 2025 cearta dílseánaigh i nduine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas, ar cearta iad atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach duine de na daoine aonair sin; agus

(b) go bhfuil fáltais an díola agus an aistrithe sin reoite.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití i mír 31:

‘31. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus ar choinníoll go ndearnadh na cistí lena mbaineann a reo mar gheall ar rannpháirtíocht duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó duine dlítheanach atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn sin, ag gníomhú dó mar bhanc idirmheánach le linn aistriú na gcistí sin go dtí an Aontas ó Chónaidhm na Rúise nó ó thríú thír, nó ón Aontas, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi pé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, scaoileadh cistí reoite áirithe a údarú, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir le haistriú na gcistí sin:’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití i mír 32:

'32. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus ar choinníoll gur reodh an íocaíocht lena mbaineann toisc go ndearna duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó trí nó ó dhuine atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintiteas nó chomhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn sin, aistriú go dtí an tAontas ó Chónaidhm na Rúise ó thriú thír, nó ón Aontas a thionscnamh, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi pé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, scaoileadh na híocaíohta reoite sin a údarú, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh i ndáil le haistriú na híocaíochta sin:';

(a) cuirtear an mír seo a leanas leis:

'34. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, íocaíochtaí leis an eintiteas a liostaítear faoi uimhir iontrála 265 faoi cheannteideal "B. Eintitis" san Iarscríbhinn a údarú, le haghaidh earraí agus seirbhísí nach féidir ach leis an eintiteas sin a sholáthar agus atá riachtanach gluaisteáin líne mheitreo 3 i mBúdaipeist agus arna seachadadh ag Metrowagonmash in 2018 a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(3) In Airteagal 4a, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh:

'1. Aon doiciméad atá i seilbh na Comhairle, an Choimisiúin nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") chun forfheidhmiú na mbeart a leagtar amach sa Chinneadh seo a áirithiú, nó chun sárú na mbeart sin nó dul timpeall orthu a chosc, beidh sé faoi réir rúndacht ghairmiúil agus beidh an chosaint aige a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais. Beidh feidhm ag an cosaint sin maidir leis na tograí ón Ardionadaí chun an Cinneadh seo a leasú agus le haon doiciméad ullmhúcháin a bhaineann leo. Beidh feidhm ag an gcosaint sin freisin maidir leis na tograí ón Ardionadaí chun an Cinneadh seo a leasú agus le haon doiciméad ullmhúcháin a bhaineann leo.';

(4) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach

'*Airteagal 4b*

1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht ná aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ráthaíocht nó slánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é go ndéanfaidh ceann de na páirtithe seo a leanas an t-éileamh:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe a liostaítear san Iarscríbhinn;

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhíthin nó thar ceann duine de na daoine, nó ceann amháin de na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a).

2. In aon imeacht chun éileamh a fhorfheidhmiú, is faoin duine nádúrtha nó dlítheanach, faoin eintiteas nó faoin gcomhlacht atá ag iarraidh an t-éileamh sin a fhorfheidhmiú, a bheidh sé a chruthú nach dtoirmeasctar an t-éileamh a shásamh le mír 1.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar don cheart atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 chun athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha i gcomhréir leis an gCinneadh seo.'.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '1880. | Evgenii Anatolevich DRONOV<br>Rúisis: Евгений Анатольевич ДРОНОВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Tula Machine Building Plant<br>Dáta breithe: 20.10.1947<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 710600768047<br>Eintiteas comhlachaithe: JSC Tula Machine Building Plant (ar a dtugtar freisin Tulamashzavod) | Is é Evgenii Dronov Ard-Stiúrthóir JSC Tula Machine Building Plant (ar a dtugtar freisin Tulamashzavod). Is monaróir cosanta Rúiseach é JSC Tula Machine Building Plant a bhfuil speisialtóireacht aige i dtáirgeadh ardtrealaimh mhíleata, go háirithe i réimse na n-armra frith-aerárthaí agus na gcóras airtléire. Tá an chuideachta freagrach as roinnt príomhchórais chosanta a fhorbairt agus a mhonarú, lena n-áirítear córas diúracáin agus airtléire frith-aerárthaí KASHTAN, córas airtléire frith-aerárthaí PALMA, agus raon gunnaí móra uathoibríocha 30 mm agus meaisínghunnaí, mar shampla Gryazev-Shipunov GSh-6-30 agus 2A72. Tá na córais sin comhtháite in ardáin mhíleata éagsúla, lena n-áirítear feithiclí troda coisithe, mar shampla BMP-3 agus BTR-80A, agus tá siad suite freisin ar shócmhainní straitéiseacha mar shampla iompróir aerárthaí aicme Kuznetsov.<br>Rinneadh táirgí na cuideachta a imscaradh go gníomhach in oibríochtaí míleata éagsúla, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, inar tuairiscíodh gur scriosadh roinnt córas ar nós fheithiclí troda coisithe BMP-3 agus chórais diúracán dromchla go haer Pantsir-S1.<br>Dá bhrí sin, tá Evgenii Dronov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1881. | Yan Valentinovych NOVIKOV<br>Rúisis: Ян Валентинович НОВИКОВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir an JSC Almaz-Antey air and space defence corporation<br>Dáta breithe: 3.10.1959<br>Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintiteas comhlachaithe: JSC Almaz-Antey air and space defence corporation | Is é Yan Novikov an tArd-Stiúrthóir ar JSC Almaz-Antey air and space defence corporation ('Almaz-Antey'). Is príomhchuideachta é Almaz-Antey laistigh de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise. Táirgeann cuideachtaí laistigh de struchtúr coinneála Almaz-Antey cineálacha éagsúla crua-earraí agus trealaimh cosanta atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise ina gcogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Yan Novikov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé comhlachaithe freisin le JSC Almaz-Antey air and space defence corporation. | 24.2.2025 |
| 1882. | Igor Vladimirovich ZYUZIN<br>Rúisis: Игорь Владимирович ЗЮЗИН | Feidhm: Cathaoirleach bhord stiúrthóirí Mechel PAO<br>Dáta breithe: 29.5.1960<br>Áit bhreithe: Kimovsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is pearsa gnó Rúiseach é Igor Zyuzin, a bhfuil leasanna gnó aige in earnálacha an amhiarainn agus na cruach, an ghuail agus an fhuinnimh. Is é Igor Zyuzin Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Mechel PAO agus is mór-scairshealbhóir sa chuideachta sin é, cuideachta mhór mianadóireachta agus miotal de chuid na Rúise atá i mbun gníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha laistigh d'earnálacha mianadóireachta, miotal agus fuinnimh na Rúise. Go háirithe, tá Mechel PAO ar cheann de na cuideachtaí onnmhairiúcháin guail is mó sa Rúis. Cuireann na hearnálacha eacnamaíocha sin foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.<br>Is pearsa gnó Igor Zyuzin a bhíonn páirteach, dá bhrí sin, in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1883. | Dmitry Yurievich LELIKOV<br>Rúisis: Дмитрий Юрьевич ЛЕЛИКОВ | Feidhm: Leas-Ardstiúrthóir Rostec agus comhalta de Bhord Bainistíochta Rostec<br>Dáta breithe: 9.5.1968<br>Áit bhreithe: Grozny, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is Leas-Ardstiúrthóir é Dmitry Lelikov Rostec agus is comhalta é de Bhord Bainistíochta Rostec. Is príomhchuideachta é Rostec laistigh de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise agus táirgeann sé cineálacha éagsúla crua-earraí agus trealaimh cosanta atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise ina gcogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Dmitry Lelikov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1884. | Ivan Georgyevich ANTSEV<br>Rúisis: Иван Георгиевич АНЦЕВ | Feidhm: Stiúrthóir Feidhmiúcháin JSC NPP Radar MMS<br>Dáta breithe: 4.8.1985<br>Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Ivan Antsev Stiúrthóir Feidhmiúcháin JSC NPP Radar MMS, a tháirgeann aerchórais gan foireann sa Rúis. Áirítear ar chuid de na córais sin ladrainn neamh-mhíleata, a chuirtear ar fáil d'fhórsaí armtha na Rúise freisin lena n-úsáid i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Oibríonn JSC NPP Radar MMS faoi chonarthaí rialtas na Rúise agus comhoibríonn sé leis an tionscal cosanta míleata. Mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin JSC NPP Radar MMS, tá rialú feidhmiúcháin deiridh ag Ivan Antsev ar an obair sin.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá Ivan Antsev ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1885. | Andrii Leonidovich DERKACH<br>Rúisis: Андрей Леонидович ДЕРКАЧ<br>Úcráinis: Андрій Леонідович ДЕРКАЧ | Feidhm: Seanadóir den Chomhairle Cónaidhme<br>Dáta breithe: 19.8.1967<br>Áit bhreithe: Dnipropetrovsk, APSS (ar a dtugtar anois Dnipro, an Úcráin)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is iarpholaiteoir Úcránach é Andrii Derkach, agus is Seanadóir é den Chomhairle Cónaidhme ón 12 Meán Fómhair 2024 i leith agus is comhalta é de Choiste um Chosaint agus Slándáil na Comhairle sin ón 23 Deireadh Fómhair 2024 i leith. Ó tháinig sé chun bheith ina Sheanadóir, thacaigh sé le beartais a chuireann le hionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar an gCrimé agus le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Le linn a thréimhse mar chomhalta de pharlaimint na hÚcráine roimh 2022, thacaigh sé go gníomhach le Rialtas na Rúise trí chomhoibriú le Príomh-Stiúrthóireacht Faisnéise Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise (GRU). Fuair Andrii Derkach cistí ó GRU chun cuideachtaí slándála príobháideacha a chruthú a raibh sé beartaithe ag an Rúis iad a úsáid chun ionradh a dhéanamh ar an Úcráin.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá Andrii Derkach ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1886. | Vasily Yuryevich BROVKO<br>Rúisis: Василий Юрьевич БРОВКО<br>Úcráineach: Василь Юрійович БРОВКО | Feidhm: Stiúrthóir um thaighde straitéiseach agus cumarsáid ag Rostec<br>Dáta breithe: 2.6.1987<br>Áit bhreithe: Zhukovsky (Moscow Region) APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 514408357 | Is é Vasily Brovko an Stiúrthóir um thaighde straitéiseach agus cumarsáid ag Rostec, príomhchorparáid cosanta agus déantúsaíochta tionsclaíche na Rúise atá faoi rialú an stáit. Tagraítear dó freisin mar Stiúrthóir um Thionscadail Speisialta, rud a fhágann go bhfuil sé freagrach go héifeachtach as obair TF agus caidrimh phoiblí na cuideachta, lena n-áirítear an caidreamh poiblí do chathaoirleach Rostec Sergei Chemenzov.<br>Is príomhchuideachta é Rostec laistigh de choimpléasc míleata-tionsclaíoch na Rúise agus táirgeann sé cineálacha éagsúla crua-earraí agus trealaimh cosanta atá in úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise ina gcogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Vasily Brovko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1887. | Igor Gennadievich KUDRYASHKIN<br>Rúisis: Игорь Геннадьевич КУДРЯШКИН | Feidhm: Scairshealbhóir agus Stiúrthóir Tráchtála Ural Mining and Metallurgical Company<br>Dáta breithe: 22.11.1967<br>Áit bhreithe: Kirovgrad, Sverdlovsk Oblast, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772871895851 | Is duine gnó Rúiseach é Igor Kudryashkin a bhfuil leasanna fairsinge gnó aige in earnálacha mianadóireachta agus miotal na Rúise. Go háirithe, is é Stiúrthóir Tráchtála Ural Mining and Metallurgical Company é Kudryashkin agus is scairshealbhóir é sa chuideachta sin, ar cuideachta mhór Rúiseach í atá i mbun gnó sna hearnálacha mianadóireachta agus miotal na Rúise. Cuireann na hearnálacha eacnamaíocha sin foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.<br>Is pearsa gnó Rúiseach é Igor Kudryashkin a bhíonn páirteach, dá bhrí sin, in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. | 24.2.2025 |
| 1888. | Eduard Aleksandrovich CHUKHLEBOV<br>Rúisis: Эдуард Александрович ЧУХЛЕБОВ | Feidhm: Comhúinéir Ural Mining agus Metallurgical Company<br>Dáta breithe: 10.4.1962<br>Áit bhreithe: Moscow, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772818158789 | Is pearsa gnó Rúiseach é Eduard Chukhlebov a bhfuil leasanna fairsinge gnó aige in earnálacha mianadóireachta agus miotal na Rúise. Go háirithe, tá Chukhlebov ina chomhúinéir ar Ural Mining and Metallurgical Company, cuideachta mhór Rúiseach atá i mbun gnó sna hearnálacha mianadóireachta agus miotal na Rúise. Cuireann na hearnálacha eacnamaíocha sin foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.<br>Is pearsa gnó Eduard Chukhlebov a bhíonn páirteach, dá bhrí sin, in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. | 24.2.2025 |
| 1889. | Yury Petrovich NIMCHENKO<br>Rúisis: Юрий Петрович НИМЧЕНКО<br>Úcráinis: Юрій Петрович НІМЧЕНКО | Feidhm: Seanadóir den Chomhairle Cónaidhme in 'Poblacht na Crimé', a ionghabhadh go neamhdhleathach<br>Dáta breithe: 4.6.1980<br>Áit bhreithe: Bukvarka, APSS (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá Yury Nimchenko ina Sheanadóir den Chomhairle Cónaidhme in 'Poblacht na Crimé', a ionghabhadh go neamhdhleathach, ón 12 Meán Fómhair 2024 agus is Comhalta é de Choiste um Chosaint agus Slándáil na Comhairle Cónaidhme. Is iarshaighdiúir é i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, inar throid sé mar thiománaí tainc, agus bhronn Uachtarán Chónaidhm na Rúise an teideal 'Laoch de chuid na Rúise' air ina leith.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1890. | Sergey Alexandrovich KARYAKIN<br>Rúisis: Сергей Александрович КАРЯКИН<br>Úcráinis: Сергій Олександрович КАРЯКІН | Feidhm: Seanadóir den Chomhairle Cónaidhme in 'Poblacht na Crimé', a ionghabhadh go neamhdhleathach<br>Dáta breithe: 12.1.1990<br>Áit bhreithe: Simferopol, APSS (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is Seanadóir den Chomhairle Chónaidhm na Rúise é Sergey Karyakin, a dhéanann ionadaíocht thar ceann na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach ón 12 Meán Fómhair 2024. Seanmháistir fichille ab ea é roimhe seo, agus cuireadh ar fionraí é mar gheall ar a ráitis chun tacú le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Lean sé de thacaíocht a thabhairt don chogadh, lena n-áirítear trí litir oscailte a fhoilsiú chuig an Uachtarán Vladimir Putin, taisteal chuig críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil ag an Rúis agus soláthairtí míleata a bhailiú chun tacú le Fórsaí Armtha na Rúise. Mar gheall ar na gníomhaíochtaí sin, bronnadh bonn Chónaidhm na Rúise 'For Merit to the Fatherland' air.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1891. | Yan Vitalyevich LESHCHENKO<br>Rúisis: Ян Витальевич ЛЕЩЕНКО | Feidhm: Cathaoirleach den 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, in 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di<br>Dáta breithe: 1.9.1980<br>Áit bhreithe: Voroshilovgrad, APSS (Luhansk, an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá Yan Leshchenko ina theachtaí den'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, in 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di. Tá Leshchenko ina chomhordaitheoir réigiúnach freisin ar ghníomhaíochtaí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin i gcríoch Luhansk atá faoi fhorghabháil. Thacaigh sé leis an gcogadh i ngníomhaíochtaí agus i ráitis phoiblí, lena n-áirítear tacú le hionsaithe sonracha ag an Rúis ar chríoch na hÚcráine.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1892. | Anna Borissovna SOROKA<br>Rúisis: Анна Борисовна СОРОКА | Feidhm: 'An Coimisinéir um Chearta an Duine in 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 26.5.1980<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Tá Anna Soroka ina Coimisinéir um Chearta an Duine, mar a ghairtear di, in 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, ó mhí na Bealtaine 2024. Roimhe sin, d'oibrigh sí mar Chúntóir do 'Ceann Poblachta', mar a ghairtear de, in 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di.<br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1893. | Anna Valeryevna LISITSYNA<br><br>Rúisis: Анна Валерьевна ЛИСИЦЫНА | Feidhm: Teachta den 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, in 'Daon-Phoblacht Luhansk, mar a ghairtear di.<br><br>Dáta breithe: 4.3.1988<br><br>Áit bhreithe: Voroshilovgrad, APSS (Luhansk, an Úcráin anois)<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: baineann | Tá Anna Lisitsyna ina teachta den 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, in 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, agus is comhalta í dá Coiste um Fhoirgníocht, Tithíocht agus Fóntais, Fuinneamh, Iompar agus Cumarsáid.<br><br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1894. | Svetlana Yanovna ALYOSHINA<br><br>Rúisis: Светлана Яновна АЛЁШИНА<br><br>ar a dtugtar freisin Svetlana Yanovna ALYOSHINA | Feidhm: Teachta den 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, in 'Daon-Phoblacht Luhansk, mar a ghairtear di.<br><br>Dáta breithe: 2.11.1964<br><br>Áit bhreithe: Stakhanov, APSS (ar a dtugtar anois Kadiivka, an Úcráin)<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: baineann | Tá Svetlana Alyoshina ina teachta den 'Daon-Chomhairle', mar a ghairtear di, in 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, agus is comhalta í dá Coiste um Fhoirgníocht, Tithíocht agus Fóntais, Fuinneamh, Iompar agus Cumarsáid.<br><br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1895. | Anatoly Alexandrovich TURKACH<br>Rúisis: Анатолий Александрович ТУРЧАК | Feidhm: Uachtarán agus úinéir JSC 'Holding Company 'Leninetz"<br>Dáta breithe: 28.7.1945<br>Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>— PJSC 'Central Scientific and Production Association 'Leninetz'<br>— JSC 'Holding Company 'Leninetz' | Is é Anatoly Turchak príomh-scairshealbhóir agus Uachtarán JSC 'Holding Company 'Leninetz", eintiteas Rúiseach a rialaíonn PJSC "Central Scientific and Production Association 'Leninetz'" (PJSC CSPA Leninetz).<br>Is cuideachta Rúiseach é PJSC CSPA Leninetz atá speisialaithe i bhforbairt agus i dtáirgeadh trealaimh radair agus loingseoireachta, lena n-áirítear chun tairbhe arm na Rúise. Go háirithe, tá baint ag PSJC CSPA Leninetz le radar aerbheirthe Zaslon a tháirgeadh agus a fhorbairt, lena ndéantar aerárthaí MiG-31 a fheistiú a bhíonn á n-úsáid ag arm na Rúise san Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Anatoly Turchak ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1896. | Boris Anatolyevich TURCHAK<br>Rúisis: Борис Анатольевич ТУРЧАК | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC "Holding Company 'Leninetz'"<br>Dáta breithe: 1970<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Anatoly Alexandrovich Turchak<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>— PJSC "Central Scientific and Production Association 'Leninetz'"<br>— JSC "Holding Company 'Leninetz'" | Tá Boris Turchak ina Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Holding Company 'Leninetz", eintiteas Rúiseach atá faoi úinéireacht a athar, Anatoly Turchak, ar eintiteas é a rialaíonn PJSC 'Central Scientific and Production Association 'Leninetz' (PJSC 'CSPA 'Leninetz'). Tá Boris Turchak ina scairshealbhóir freisin in PJSC 'CSPA 'Leninetz'.<br>Is cuideachta Rúiseach é PJSC 'CSPA 'Leninetz' atá speisialaithe i bhforbairt agus i dtáirgeadh trealaimh radair agus loingseoireachta, lena n-áirítear chun tairbhe arm na Rúise. Go háirithe, tá baint ag PSJC CSPA Leninetz le radar aerbheirthe Zaslon a tháirgeadh agus a fhorbairt, lena ndéantar aerárthaí MiG-31 a fheistiú a bhíonn á n-úsáid ag arm na Rúise san Úcráin a fheistiú.<br>Dá bhrí sin, tá Boris Turchak ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé comhlachaithe freisin le Anatoly Turchak. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1897. | Igor Valentinovich KAZAREZOV<br>Rúisis: Игорь Валентинович КАЗАРЕЗОВ | Feidhm: Cathaoirleach an Ionaid um Oiliúint Spórt Mhíleata agus um oideachas tírghrách don aos óg ar a dtugtar 'WARRIOR'<br>Dáta breithe: 1965<br>Áit bhreithe: Azov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>— An tIonad um Oiliúint Spórt Mhíleata agus um oideachas tírghrách don aos óg ar a dtugtar 'WARRIOR'<br>— An ghluaiseacht stát poiblí leanaí agus óige Uile-Rúiseach ar a dtugtar 'Movement of the First' | Tá Igor Kazarezov ina Chathaoirleach ar Bhord an Ionaid um Oiliúint Spórt Mhíleata agus um oideachas tírghrách don aos óg ar a dtugtar 'WARRIOR'. Is eagraíocht óige faoi stiúir an stáit é an t-ionad WARRIOR a bunaíodh i gCónaidhm na Rúise chun oideachas tírghrách agus míleata a chothú. Faigheann sé tacaíocht ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise, a thug treoir don ionad WARRIOR a bheith ag oibriú i ndlúthchomhar leis na rannpháirtithe i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá gníomhaíochtaí á ndéanamh ag an ionad WARRIOR freisin i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, trína bhrainsí áitiúla.<br>Rinne an t-ionad WARRIOR roinnt tionscadal freisin leis an ngluaiseacht stát poiblí leanaí agus óige Uile-Rúiseach ar a dtugtar 'Movement of the First', ar eintiteas é atá liostaithe ag an Aontas.<br>Dá bhrí sin, tá Igor Kazarezov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine. Tá Igor Kazarezov comhlachaithe freisin leis an ngluaiseacht stát poiblí leanaí agus óige Uile-Rúiseach ar a dtugtar 'Movement of the First'. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1898. | Kristina Andreevna POTUPCHIK<br>Rúisis: Кристина Андреевна ПОТУПЧИК | Feidhm: Pearsantacht sna meáin<br>Dáta breithe: 19.1.1986<br>Áit bhreithe: Murom, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 332891812110 | Is blagálaí agus fiontraí na meán Rúiseach í Kristina Potupchik. Is í bunaitheoir na gníomhaireachta cumarsáide K2 í a reáchtálann feachtais ar na meáin shóisialta agus feachtais faisnéise do chliaint, go háirithe cliaint atá faoi rialú Rialtas na Rúise, ar ar a son a scaipeann sí mífhaisnéis maidir leis an gcogadh san Úcráin, agus a dhéanann sí iomláine chríochach agus ceannasacht na hÚcráine a dhídhlisteanú.<br>Mar chomhbhunaitheoir Chumann na dTeicneolaithe Idirlín, tá sí mar chuid de líonra ANO Digital agus tá dlúthnasc aici le beartas mífhaisnéise agus bolscaireachta ANO Digital. Sa ról sin, thug Kristina Potupchik cuairt ar na réigiúin san Úcráin atá faoi fhorghabháil na Rúise, go háirithe Mariupol, áit ar scaip sí faisnéis bhréagach go poiblí faoi choireanna cogaidh na Rúise agus faoi Rialtas na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Kristina Potupchik ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine, agus tacaíonn sí le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus baineann sí tairbhe as. | 24.2.2025 |
| 1899. | Sergey Vladimirovich MOKEEV<br>Rúisis: Сергей Владимирович МОКЕЕВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC "Novo-Vyatka"<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 661215725483 | Is é Sergey Mokeev Ard-Stiúrthóir JSC Novo-Vyatka. Is eintiteas de choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise é JSC Novo-Vyatka agus is monaróir arm agus armlóin é. In 2023 agus 2024, fuair JSC Novo-Vyatka fóirdheontais stáit faoi chlár a ceapadh chun oiliúint a mhaoiniú a chuirtear ar oibrithe sa tionscal míleata in eintitis roghnaithe. Agus é ina Ard-Stiúrthóir ar JSC Novo-Vyatka, tá Sergey Mokeev freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta sin. Dá bhrí sin, tacaíonn Sergey Mokeev le Rialtas Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1900. | LEE Chang Ho<br>Cóiréis:리창호<br>Rúisis: ЛИ Чхан Хо<br>ar a dtugtar freisin RI, Chang Ho<br>ar a dtugtar freisin RHEE, Chang Ho | Feidhmeanna: Leifteanant-Ghinearál Arm Pobail na Cóiré, Ceann Bhiúró Ginearálta na Cóiré um Thaiscéalaíocht, Coirnéal-Ghinearál<br>Dáta breithe: 1967<br>Náisiúntacht: An Chóiré Thuaidh<br>Inscne: fireann | Rinne Lee Chang Ho comhordú ar shaighdiúirí na Cóiré Thuaidh a imscaradh ar an láthair chatha san Úcráin, a bhféadfadh sé gur tugadh cúraimí dóibh a bhaineann le treallchogaíocht neamhrialta. Dá bhrí sin, bhí baint aige le saighdiúirí na Cóiré Thuaidh a bheith rannpháirteach sa chogadh ar an Úcráin. Bhí sé i gceannas ar aonaid cibirionsaithe mar shampla Lazarus agus Kim Suki.<br>Dá bhrí sin, tá Lee Chang Ho freagrach as tacú le gníomhaíochtaí, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn de neamhspleáchas na hÚcráine. | 24.2.2025 |
| 1901. | SHIN Geum Cheol<br>Cóiréis:김금철<br>Rúisis: СИН Гым Чхоль<br>ar a dtugtar freisin KIM, Geum Cheol<br>ar a dtugtar freisin KIM, Geum Chol<br>ar a dtugtar freisin KIM, Kum-Chol<br>ar a dtugtar freisin SIM, Kum-Chol | Feidhm: Ceann Phríomh-Stiúrthóireacht Oibríochtúil Fhoireann Ghinearálta Arm Pobail na Cóiré, Maor-Ghinearál<br>Dáta breithe: 1961<br>Náisiúntacht: An Chóiré Thuaidh<br>Inscne: fireann | Tá Shin Geum Cheol ina Cheann ar Phríomh-Stiúrthóireacht Oibríochtúil Fhoireann Ghinearálta Dhaon-Arm na Cóiré, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Is oifigeach míleata ardleibhéil é a dhéanann maoirseacht ar stiúradh praiticiúil na n-oibríochtaí, mar shampla comhordú míleata. Tá sé de chúram air teaictící cogaíochta Rúiseacha agus teaictící cogaíochta nua-aimseartha, ar nós oibríochtaí ladrann, teaictící airtléire agus teicneolaíochtaí cogaíochta leictreonaí, a scaipeadh ar arm na Cóiré Thuaidh.<br>Tá arm na Cóiré Thuaidh páirteach in oibríochtaí míleata sa Rúis agus san Úcráin. Dá bhrí sin, tá Shin Geum Cheol freagrach as tacú le gníomhaíochtaí, agus as iad a chur chun feidhme, lena mbaintear an bonn de neamhspleáchas na hÚcráine. | 24.2.2025 |
| 1902. | Alexey Vladislavovich GORSHKOV<br>Rúisis: Алексей Владиславович ГОРШКОВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC "Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M. A. Kartsev"<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 525716364389<br>Eintitis chomhlachaithe: JSC "Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M. A. Kartsev" | Tá Alexy Gorshkov ina Stiúrthóir Ginearálta ar 'JSC Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev' ar institiúid taighde í atá bunaithe sa Rúis agus a bhfuil baint aici le forbairt agus táirgeadh aerárthaí gan foireann. Tháirg sé roinnt cineálacha éagsúla aerárthaí gan foireann, a ndearna nó a ndéanfaidh fórsaí armtha na Rúise tástáil orthu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, ina cháil mar Stiúrthóir Ginearálta ar 'JSC Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev', tá Alexey Gorshkov ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé comhlachaithe le 'JSC "Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M. A. Kartsev"'. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1903. | Natalya Sergeevna VIRTUOZOVA<br>Rúisis: Наталья Сергеевна ВИРТУОЗОВА | Feidhmeanna: Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Neamhthráchtála Uathrialaí 'Directorate of the Exhibition of Achievements "Russia"'; Ard-Stiúrthóir an Ionaid Náisiúnta 'Russia'<br>Dáta breithe: 30.1.1978<br>Áit bhreithe: Akhalkalaki, APSS (an tSeoirsia anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772878714381 | Is í Natalya Virtuozova Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Neamhthráchtála Uathrialaí 'Directorate of the Exhibition of Achievements "Russia"', a d'eagraigh an taispeántas idirnáisiúnta agus an fóram idirnáisiúnta 'Russia' agus a bhainistíonn an tIonad Náisiúnta 'Russia' anois. Tá Natalya Virtuozova ina hArd-Stiúrthóir ar an Ionad Náisiúnta 'Russia' freisin. I mí Iúil 2024, shínigh an tUachtarán Putin ordú chun an tIonad Náisiúnta 'Russia' a bhunú chun oidhreacht an taispeántais a chaomhnú ar bhonn buan. Ag an taispeántas 'Russia', agus ag an Ionad Náisiúnta 'Russia', bhí taispeántais ann maidir le críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, a chuirtear i láthair mar chríocha de chuid Chónaidhm na Rúise agus a chuirtear ar taispeáint taobh le críocha na Rúise. Ag an taispeántas, reáchtáiltear imeachtaí go rialta mar cheiliúradh ar fhorghabháil agus ionghabháil na Rúise ar chríocha na hÚcráine. Dá bhrí sin, mar Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Neamhthráchtála Uathrialaí 'Directorate of the Exhibition of Achievements "Russia"'; agus an Ionaid Náisiúnta 'Russia', tacaíonn Natalya Virtuozova le beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na beartais sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1904. | Sergey Nikolaevich ATLIVANCHIK<br>Rúisis: Сергей Николаевич АТЛИВАНЧИК | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar LLC Eliars<br>Dáta breithe: 11.1.1980<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 773514103490<br>Eintitis chomhlachaithe: LLC Eliars | Is é Sergey Atlivanchik Ard-Stiúrthóir LLC Eliars, ar cuideachta Rúiseach é a bhfuil baint aige le trealamh micreathonnach a fhorbairt agus a tháirgeadh. D'fhorbair agus tháirg sé an córas Zont (Umbrella), córas i gcoinne drón lenar féidir comhartha le haghaidh aerfheithiclí gan foireann a chosc. Bíonn an córas Zont á úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, ina ról mar Ard-Stiúrthóir ar LLC Eliars, tá Sergey Atlivanchi ag tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1905. | Fidail Ilkhatovich BIKBULATOV<br>Rúisis: Фидаиль Ильхатович БИКБУЛАТОВ | Feidhm: Ceann na Ceanncheathrún Réigiúnaí den 'Arm Óg' - Gluaiseacht Shóisialta Tírghrá Mhíleata Uile-Rúiseach (Yunarmiya) - sa réigiún Zaporizhzhia atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach<br>Dáta breithe: 14.8.1994<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintiteas comhlachaithe: 'Arm Óg' - Gluaiseacht Shóisialta Tírghrá Mhíleata Uile-Rúiseach (Yunarmiya) | Is é Fidail Bikbulatov Ceann na Ceanncheathrún Réigiúnaí den 'Arm Óg' - Gluaiseacht Shóisialta Tírghrá Mhíleata Uile-Rúiseach (Yunarmiya) - sa réigiún Zaporizhzhia atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Bhí baint aige le hollfhuadach, díbirt neamhdhleathach agus aistriú éigeantach leanaí Úcránacha ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil go dtí an Rúis.<br>Ghlac sé páirt ghníomhach i míleatú leanaí Úcránacha i réigiún Zaporizhzhia atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Ina theannta sin scaip sé bolscaireacht ar son na Rúise agus insintí frith-Úcránacha agus spreag sé leanaí chun dul isteach in Yunarmiya, agus béim á leagan aige ar an oiliúint mhíleata mar cheann de na buntáistí. Ina theannta sin, bhí baint ghníomhach aige le hearcú saorálaithe chun troid le Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Fidail Bikbulatov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé comhlachaithe le Yunarmiya. | 24.2.2025 |
| 1906. | Sergey Georgievich DREGVAL<br>Rúisis: Сергей Георгиевич ДРЕГВАЛЬ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir PJSC Inter RAO<br>Dáta breithe: 21.9.1971<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá Sergey Dregval ina Ard-Stiúrthóir agus ina Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta PJSC Inter RAO, atá ar cheann de na cuideachtaí fuinnimh is mó sa Rúis agus atá faoi smacht Rialtas Chónaidhm na Rúise. Áirítear Rosneftgaz ar scairshealbhóirí PJSC Inter RAO, atá ar cheann de na híocóirí díbhinne is mó le buiséad Chónaidhm na Rúise. Is é PJSC Inter RAO an príomh-allmhaireoir/príomh-onnmhaireoir leictreachais sa Rúis. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir, tá sé de chúram ar Sergey Dregval foinse ioncaim an stáit a áirithiú lenar féidir an fogha faoin Úcráin a mhaoiniú.<br>Dá bhrí sin, tá Sergey Dregval ar dhuine de na príomhdhaoine gnó atá ag oibriú sa Rúis agus atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch a thugann foinse shuntasach ioncaim do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.<br>Anuas air sin, tá sé ag tabhairt tacaíocht airgid do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas céanna. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1907. | Vladimir Petrovich KOLBIN<br>Rúisis: Владимир Петрович КОЛБИН | Dáta breithe: 10.6.1975<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 780518161631<br>Daoine aonair a bhfuil baint acu le: Vladimir Putin; Gennady Timchenko | Is mac le Peter Kolbin, cara óna óige agus comhlach gnó de chuid an Uachtaráin Vladimir Putin, é Vladimir Kolbin. Tá Vladimir Kolbin ag gníomhú mar ionadaí, stiúrthóir nó scairshealbhóir in eintitis éagsúla a bhaineann le líonra cuideachtaí agus eintiteas sealbhaíochta lena n-urraítear sócmhainní airgeadais Vladimir Putin agus Gennady Timchenko.<br>Ar an gcaoi sin, baineann Vladimir Kolbin tairbhe ábharach agus airgeadais as lucht déanta cinntí na Rúise, dream atá freagrach as ionghabháil na Crimé nóas díchobhsú na hÚcráine.<br>Tá sé comhlachaithe le Vladimir Putin agus Gennady Timchenko. | 24.2.2025 |
| 1908. | Konstantin Ivanovich STRUKOV<br>Rúisis: Константин Иванович СТРУКОВ | Feidhmeanna: Uachtarán Yuzhuralzoloto Group of Companies<br>Dáta breithe: 10.9.1958<br>Áit bhreithe: Dimitrovo, dúiche Pokhvistnevsky, réigiún Orenburg, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 741600653047 | Is duine gnó Rúiseach é Konstantin Strukov. Is é Uachtarán agus mór-scairshealbhóir in Yuzhuralzoloto Group of Companies (lena n-áirítear UGC LLC), atá ar cheann de na cuideachtaí óir agus mianadóireachta is mó le rá i gCónaidhm na Rúise é.<br>Tá Konstantin Strukov páirteach, dá bhrí sin, in earnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn méid mór ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1909. | Zhou DACHUANG<br>Sínis:周大创<br>ar a dtugtar freisin Jason Zhou<br>ar a dtugtar freisin Jason Chou | Feidhm: Cathaoirleach China Head Aerospace Technology LLC<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Síneach | Tá Zhou Dachuang ina Chathaoirleach ar China Head Aerospace Technology LLC.<br>Is cuideachta atá bunaithe i nDaon-Phoblacht na Síne é China Head Aerospace Technology a dhéanann speisialú i dtáirgeadh íomhánna satailíte. Is soláthraí oifigiúil sonraí cianbhraiteachta don ghnólacht Rúiseach Rakurs é an ghnólacht, ar soláthróir é de chuid Aireacht Cosanta na Rúise.<br>Áiríodh leis an gcomhar gnó sin, a tháinig i bhfeidhm cúpla seachtain tar éis thús an chogaidh san Úcráin, an clár bogearraí fótagraiméadrach PHOTOMOD arb é an príomhchóras braite topagrafach a úsáideann Stiúrthóireacht Topagrafach Mhíleata Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. I gcomhthéacs an chláir sin, chuir China Head Aerospace Technology tacair sonraí topagrafacha agus seirbhísí satailíte breise ar fáil, a chuir Rakurs ar fáil do chustaiméirí PHOTOMOD, lena n-áirítear d'Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise.<br>Agus é ag tacú go hábharach le Foireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise trí shonraí topagrafacha agus seirbhísí satailíte a sholáthar ina cháil mar Chathaoirleach China Head Aerospace Technology, tá Zhou Dachuang ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht nó de chobhsaíocht na hÚcráine nó le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar an méid sin, agus tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1910. | Anatoly Andreevich KOVALEV<br>Rúisis: Анатолий Андреевич КОВАЛЕВ | Feidhm: Stiúrthóir Ginearálta JSC Zelenograd Nanotechnology Center<br>Dáta breithe: 7.1.1961<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 773500090210<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>— JSC Zelenograd Nanotechnology Center<br>— Mikron JSC | Tá Anatoly Kovalev ina Ard-Stiúrthóir ar JSC Zelenograd Nanotechnology Center, cuideachta taighde agus monaraíochta Rúiseach a fhorbraíonn agus a tháirgeann comhpháirteanna leictreonacha ardteicneolaíochta, lena n-áirítear chun coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise a fhorbairt. Tá sé ag feidhmiú sa Chrios Eacnamaíoch Speisialta 'Technopolis Moscow'. Maidir le cuideachtaí atá ag feidhmiú sa chrios eacnamaíoch speisialta sin, cuireann Rialtas na Rúise córas cánach speisialta ar fáil, a chuimsíonn cáin ioncaim níos ísle agus atá gan cáin mhaoine, cáin iompair ná dleachtanna custaim. Baineann an chuideachta leas as oibriú i dtimpeallacht phribhléide a thairgeann Rialtas na Rúise. Agus é ina Ard-Stiúrthóir ar JSC Zelenograd Nanotechnology Center, tá Anatoly ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.<br>Shínigh JSC Zelenograd Nanotechnology Center comhaontú comhair fadtéarmach freisin chun innealtóireacht leictreonach intíre na Rúise a fhorbairt le Mikron JSC, arb é an monaróir micrileictreonaice is mó sa Rúis é, chun micrishliseanna a tháirgeadh agus é mar aidhm allmhairí ón iasacht a ionadú. Tá ceadúnais arna riar ag Seirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise (FSB) ag Mikron JSC. Ós rud é gur síníodh comhaontú comhair fadtéarmach idir an dá eintiteas le haghaidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha, tá baint ag JSC Zelenograd Nanotechnology Center le Mikron JSC, arb eintiteas é a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit. Agus é ina Ard-Stiúrthóir ar JSC Zelenograd Nanotechnology Center, tá Anatoly Kovalev comhlachaithe le JSC Zelenograd Nanotechnology Center agus le Mikron JSC. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1911. | Igor Vladimirovich KHOMENKO<br>Rúisis: Игорь Владимирович ХОМЕНКО | Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC TROS<br>Dáta breithe: 23.8.1968<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 500103405838 | Tá Igor Khomenko ina Ard-Stiúrthóir ar LLC TROS, chomh maith le bheith ina chomhbhunaitheoir agus ina scairshealbhóir de chuid na cuideachta sin, cuideacha a mhonaraíonn trealamh miotalóireachta agus ar mórdhíoltóir meaisín-uirlisí Fógraíonn an chuideachta sin ionaid meaisíniúcháin a bhfuil cumais dé-úsáide ag baint leo, agus is cuid de líonra soláthair é chun trealamh miotalóireachta agus meaisín-uirlisí a thabhairt isteach agus a sholáthar sa Rúis.<br>Comhlíonann an chuideachta conarthaí de chuid Rialtas na Rúise chomh maith le conarthaí le heintitis a oibríonn in earnáil cosanta na Rúise agus atá liostaithe ag an Aontas as tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, agus é ina Ard-Stiúrthóir LLC TROS, chomh maith le bheith ina chomhbhunaitheoir agus ina scairshealbhóir dá chuid, tá Igor Khomenko ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus tá sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1912. | Sergey Petrovich USHKO<br>Rúisis: Сергей Петрович УШКО | Feidhm: Príomhfheidhmeannach LLC TROS<br>Dáta breithe: 7.9.1969<br>Áit bhreithe: APSS (an Bhealarúis anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 500103405690 | Tá Sergey Ushko ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar LLC TROS, chomh maith le bheith ina chomhbhunaitheoir agus ina scairshealbhóir de chuid na cuideachta sin, cuideachta a mhonaraíonn trealamh miotalóireachta agus ar mórdhíoltóir meaisín-uirlisí. Fógraíonn an chuideachta sin ionaid meaisíniúcháin a bhfuil cumais dé-úsáide ag baint leo, agus is cuid de líonra soláthair é chun trealamh miotalóireachta agus meaisín-uirlisí a thabhairt isteach agus a sholáthar sa Rúis.<br>Comhlíonann an chuideachta conarthaí de chuid Rialtas na Rúise chomh maith le conarthaí le heintitis a oibríonn in earnáil cosanta na Rúise agus atá liostaithe ag an Aontas as tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, agus é ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar LLC TROS, chomh maith le bheith ina chomhbhunaitheoir agus ina scairshealbhóir dá chuid, tá Sergey Ushko ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus tá sé freagrach dá réir as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1913. | Julia BARANOVSKAYA<br>Rúisis: Юлия БАРАНОВСКАЯ<br>ar a dtugtar freisin Yulia BARANOVSKAYA | Feidhm: Pearsa de chuid na meán<br>Dáta breithe: 30.6.1980<br>Dáta breithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is láithreoir teilifíse Rúiseach agus pearsa de chuid na meán í Julia Baranovskaya. Ó thús chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin is minic a thacaigh sí le gníomhaíochtaí na Rúise a chuireann iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine i mbaol. Chuige sin, d'óstáil Julia Baranovskaya seónna bolscaireachta a bhí urraithe ag an gCreimil arbh é ab aidhm dóibh tacaíocht an phobail Rúisigh don ionradh a chothú, lena n-áirítear trí choireanna cogaidh na Rúise a chur chun cinn go poiblí, mar shampla, díbirt éigeantais leanaí Úcránacha. Bhí Julia Baranovskaya i bhfeighil imeachtaí tiomsaithe airgid arbh é ab aidhm dóibh cistí a fháil do chogadh foghach na Rúise, ar gheall sí go poiblí lena linn go dtabharfadh sí airgead dá cuid féin mar luach saothair as cuspóirí míleata na Rúise a chur i gcrích san Úcráin. Ina theannta sin, thug Julia Baranovskaya faoi thurais arís agus arís eile chuig réigiúin atá faoi fhorghabháil na Rúise san Úcráin inar thug sí tacaíocht ábhartha do ghrúpaí scarúnaíocha atá urraithe ag an Rúis.<br>Dá bhrí sin, tá Julia Baranovskaya ag tacú le gníomhaíochtaí atá ina mbagairt ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine, agus rinne sí idirbhearta leis na grúpaí scarúnaíocha i réigiún Donbas na hÚcráine. Anuas air sin, tacaíonn sí le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | 24.2.2025' |
| 1914. | Alexey Valerievich SHADRIN<br>Rúisis: Алексей Валерьевич ШАДРИН | Feidhm: Comhbhunaitheoir Promtech JSC.<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 500602952160<br>Eintiteas comhlachaithe: Promtech JSC | Is scairshealbhóir agus comhbhunaitheoir de chuid Promtech JSC é Alexey Shadrin. Is cuideachta sealbhaíochta Rúiseach é Promtech JSC a d'allmhairigh earraí de thionscnamh Eorpach arís agus arís eile agus na táirgí sin faoi réir srianta Eorpacha ar onnmhairiú. Go háirithe, d'allmhairigh Promtech JSC na hearraí sin trí líonra d'fhochuideachtaí Rúiseacha agus tríd an gcuideachta Thurcach Enutek Makina Sanayi Ve Ticaret. Dá bhrí sin, d'éascaigh Alexey Shadrin sáruithe an toirmisc ar theacht timpeall ar chóras beart sriantach an Aontais a forchuireadh ar Chónaidhm na Rúise. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1915. | Valery Vladimirovich SHADRIN<br>Rúisis: Валерий Владимирович ШАДРИН | Feidhm: Ard-Stiúrthóir Promtech JSC.<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 500601525214<br>Eintiteas comhlachaithe: Promtech JSC | Is é Valery Shadrin Ard-Stiúrthóir Promtech JSC. Is cuideachta sealbhaíochta Rúiseach é Promtech JSC a d'allmhairigh earraí de thionscnamh Eorpach arís agus arís eile agus na táirgí sin faoi réir srianta Eorpacha ar onnmhairiú. Go háirithe, d'allmhairigh Promtech JSC na hearraí sin trí líonra d'fhochuideachtaí Rúiseacha agus tríd an gcuideachta Thurcach Enutek Makina Sanayi Ve Ticaret. Dá bhrí sin, d'éascaigh Valery Shadrin sáruithe an toirmisc ar theacht timpeall ar chóras beart sriantach an Aontais a forchuireadh ar Chónaidhm na Rúise. | 24.2.2025 |
| 1916. | Albert Alikovich AVDOLYAN<br>Rúisis: Альберт Аликович АВДОЛЯН | Feidhm: pearsa gnó Rúiseach<br>Dáta breithe: 8.11.1970<br>Áit bhreithe: Krasnodar, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 771471507326 | Is pearsa gnó Rúiseach é Albert Avdolyan a bhfuil leasanna gnó aige san earnáil fuinnimh, go háirithe gual agus GNL. Trí chuideachtaí éagsúla, go háirithe A-Property-Holdings agus Elgaugol, sealbhaíonn Albert Avdolyan leasanna suntasacha in earnáil bhonneagar fuinnimh na Rúise (go háirithe gual agus GNL). Is foinse shuntasach ioncaim iad na hearnálacha eacnamaíocha sin do Rialtas Chónaidhm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, is pearsa gnó é Albert Avdolyan atá páirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Trína leasanna gnó, tá sé dlúthchomhlachaithe freisin le Rostec State Corporation. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1917. | Mikhail Sergeevich GALUSTYAN<br><br>Rúisis: Михаил Сергеевич ГАЛУСТЯН | Dáta breithe: 25.10.1970<br><br>Áit bhreithe: Sochi, Críoch Krasnodar, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br><br>Náisiúntacht: Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 232003782530 | Is bolscaire Rúiseach é Mikhail Galustyan, is é uachtarán Chónaidhm na gCluichí Míleata agus Oirbheartaíochta é agus is comhalta é den bhainistíocht ar an eagraíocht pharaimíleata Rúiseach dá ngairtear ‘All-Russian children’s and youth military-patriotic movement “Yunarmiya”’, eagraíocht atá faoi réir bearta sriantacha an Aontais . Is fada é ina thacaí le Uachtarán Vladimir Putin agus lena chuid beartas agus tá leas á bhaint aige ar an tóir atá air chun teachtaireachtaí agus insintí bholscaireacht na Creimile a scaipeadh.<br><br>Is comhalta bainistíochta de Yunarmiya é Mikhail Galustyan, eagraíocht a oibríonn brainsí réigiúnacha atá lonnaithe i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach shealadach. Ina theannta sin eagraíonn sí ócáidí tiomsaithe airgid agus gníomhaíochtaí chun tacú le comhraiceoirí atá rannpháirteach i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tacaíonn Yunarmiya agus a chomhaltaí le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus scaipeann siad bolscaireacht na Rúise maidir leis an gcogadh. Baineann Yunarmiya úsáid as an tsiombail mhíleata ‘Z’ go poiblí, ar siombail í atá in úsáid i mbolscaireacht na Rúise chun cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn.<br><br>Thairis sin, tá Mikhail Galustyan freagrach go díreach as gníomhaíochtaí na heagraíochta sin a chuireann an míleatachas chun cinn i measc óige na Rúise. Tacaíonn sé le láthair oiliúna a chruthú lena húsáid le haghaidh cluichí oirbheartaíochta míleata agus chun oiliúint a chur ar shaorálaithe le haghaidh ‘oibríocht mhíleata speisialta’ arna déanamh ag comhraiceoirí a ghlac páirt sa chogadh ar an Úcráin.<br><br>Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1918. | Ruslan Stanislavovich OSTASHKO<br>Rúisis: Руслан Станиславович ОСТАШКО | Feidhm: Láithreoir teilifíse, blagálaí<br>Dáta breithe: 18.2.1979<br>Áit bhreithe: Donetsk, PSS na hÚcráine, APSS (an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 771615340575 | Is duine é Ruslan Ostashko atá gníomhach i spás poiblí na Rúise. Oibríonn sé mar iriseoir agus mar láithreoir teilifíse ar an cainéal teilifíse stáit Channel One agus is é príomhamhránaí an bhanna ceoil thírghrách 'Ours'. Is é príomheagarthóir freisin é ar an suíomh gréasáin 'politrussia.com', a úsáidtear chun insint Rialtas na Rúise a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Is comhalta é Ruslan Ostashko freisin den eagraíocht People's Front Central Headquarters (ar a dtugtaí All-Russia People's Front roimhe seo), arb eintiteas é atá liostaithe faoi bhearta sriantacha an Aontais.<br>Trína ghníomhaíochtaí agus a ardáin chumarsáide, a thionscadail agus a cheolchoirmeacha, déanann Ruslan Ostashko arm na Rúise, atá ag troid san Úcráin, a chur chun cinn agus a mholadh go gníomhach. Eagraíonn sé imeachtaí tacaíochta agus ócáidí tiomsaithe airgid agus bíonn sé i dteagmháil le trodaithe Rúiseacha trí thionscadail éagsúla.<br>Dá bhrí sin, tá Ruslan Ostashko freagrach as tacaíocht a thabhairt go gníomhach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1919. | Denis Sergeyevich CHERNOBAY<br>Rúisis: Денис Сергеевич ЧЕРНОБАЙ<br>Úcráinis: Денис Сергійович ЧЕРНОБАЙ | Feidhm: Cathaoirleach ar an mbrainse dá ngairtear 'Donetsk People Republic' den ghluaiseacht dá ngairtear 'All-Russian public-state movement of children and youth "Movement of the First"'<br>Dáta breithe: 7.8.2002<br>Áit bhreithe: Réigiún Donetsk, an Úcráin<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 614024966788 | Is é Denis Chernobay an chathaoirleach ar an mbrainse dá ngairtear 'Donetsk People Republic' den ghluaiseacht dá ngairtear 'All-Russian public-state movement of children and youth "Movement of the First"', ar eintiteas é atá liostaithe ag an Aontas.<br>Agus é i mbun a phoist, bíonn Denis Chernobay rannpháirteach go gníomhach in eagrú gníomhaíochtaí oideachais atá dírithe ar an oideachas a 'mhíleatú' agus ar bholscaireacht Chónaidhm na Rúise a chur chun cinn i réigiún Donetsk na hÚcráine, atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Sa phost sin, tá tacaíocht tugtha aige d'arm na Rúise i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach.<br>Dá bhrí sin, tá Denis Chernobay ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 1920. | Vladislav Yevgenyevich LOBAEV<br>Rúisis: Владислав Евгеньевич ЛОБАЕВ | Feidhm: Uachtarán na Fondúireachta 'Lobaev Foundation'<br>Dáta breithe: 4.4.1972<br>Áit bhreithe: Rostov-on-Don, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 402911672932 | Is é Vladislav Lobaev Príomh-Dhearthóir an LLC Design Bureau of Integration Systems (LLC KBIS). Tá sé ar dhuine de bhunaitheoirí an ghrúpa cuideachtaí Lobaev (lena n-áirítear LLC Trading House Lobaev Arms) agus is é Uachtarán na Fondúireachta 'Lobaev Foundation' é. Is aonad é 'Lobaev Foundation' den ghrúpa eintiteas Lobaev Group agus bailíonn sé cistí chun tionscadail Lobaev Arms a mhaoiniú. Baineann Fórsaí Armtha na Rúise úsáid as raidhfilí arna ndéanamh ag Lobaev Arms i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Ós rud é gurb é bunaitheoir an ghrúpa cuideachtaí Lobaev Group agus Uachtarán na Fondúireachta 'Lobaev Foundation', tá Vladislav Lobaev freagrach as gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin agus dá bhrí sin tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise, ar rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe airgeadais as. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1921. | Vladimir Petrovich YEVTUSHENKOV<br>Rúisis: Владимир Петрович ЕВТУШЕНКОВ<br>ar a dtugtar freisin Vladimir Petrovich EVTUSHENKOV<br>ar a dtugtar freisin Владимир Петрович ЕВТУШЕНКО | Feidhm: Bunaitheoir agus scairshealbhóir Sistema<br>Dáta breithe: 25.9.1948<br>Áit bhreithe: Kamenshchina, dúiche Smolensk, réigiún Smolensk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Cánach: 771000084662 | Tá Vladimir Yevtushenkov ina scairshealbhóir in Sistema ó bunaíodh an chuideachta in 1993. Is ilchuideachta é Sistema a bhfuil leasanna gnó aige in earnálacha éagsúla de gheilleagar na Rúise ina ndéanann úinéirí nó rialaitheoirí cuideachtaí ionadaíocht dó, lena n-áirítear Agroholding Steppe (talmhaíocht), BESK (fuinneamh), Binnofarm (cógaisíocht), Cosmos Hotel Group (turasóireacht), Element (leictreonaic), Intourist (turasóireacht), Medsi (cúram sláinte), Ozon (ríomhthráchtáil), Region AO (tionscal míleata) agus Segezha (tionscal foraoiseachta, adhmadóireachta, laín agus páipéir). Tá baint ag Sistema freisin leis na hearnálacha faisnéise, cumarsáide agus teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear trína sciar in Mobile TeleSystems (MTS) Public Joint Stock Company, chomh maith leis an mbaincéireacht, ós rud é go bhfuil MTS-Bank faoi úinéireacht MTS Public Joint Stock Company via Mobile TeleSystems B.V.. Trí BESK agus a fhochuideachtaí Bashkirenergo, BSK agus BESK Engineering, tá baint ag Sistema leis an earnáil fuinnimh a sholáthraíonn ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Bhí Vladimir Yevtushenkov ina úinéir tromlaigh in Sistema go dtí mí Aibreáin 2022 nuair a d'aistrigh sé cuid dá sciar chuig a mhac, Felix Vladimirovich Yevtushenkov. Dá bhrí sin, is pearsa gnó é Vladimir Yevtushenkov atá páirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim é do Rialtas Chónaidhm na Rúise.<br>Tá caidreamh seanbhunaithe ag Vladimir Yevtushenkov leis an Uachtarán Vladimir Putin agus bhí sé i láthair ag cruinniú na bhfear gnó sa Chreimil le hÚachtarán Putin an lá a seoladh an t-ionradh ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022. Tá sciar 49,2 % de Sistema ag Vladimir Yevtushenkov, tá sé ina chathaoirleach ar Choiste um Beartas Tionsclaíoch Aontas Lucht Tionscail agus Fiontraithe na Rúise (RSPP), tá sé ina chomhalta de Bhiúró Bhord RSPP, tá sé ina chomhchathaoirleach ar Chomhairle Gnó na Rúise-na hAraibe Sádaí agus tá sé ina chomhalta de Chomhairle Eacnamaíoch na Rúise-na hAraibe Sádaí agus den Chomhairle Náisiúnta um Rialachas Corparáideach. Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é Vladimir Yevtushenkov a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1922. | Boris Yurievich BOGATYREV<br>Rúisis: Борис Юрьевич БОГАТЫРЕВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar LLC 'Stan'<br>Dáta breithe: 10.10.1962<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Cánach: 772883227376 | Is é Boris Bogatyrev Ard-Stiúrthóir LLC 'Stan'. Is cuideachta Rúiseach é LLC 'Stan' atá gníomhach i réimse dhearadh agus tháirgeadh trealaimh meaisín-uirlise. Soláthraíonn LLC Stan meaisíní druileála rialaithe agus muilleoireachta do thionscail ardteicneolaíochta, agus oibríonn sé faoi bhainistíocht RT-Capital de chuid Rostec State Corporation. Soláthraítear a mheaisíní (lena n-áirítear samhail VMB 55) do chomhlachtaí aerárthaí, tógála inneall agus do na tionscail chosanta. Dá bhrí sin, tá LLC 'Stan' ag tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus ag baint tairbhe as. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar LLC 'Stan', tá Boris Bogatyrev freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta agus tá baint aige leis an gcuideachta.<br>Ina theannta sin, tá Boris Bogatyrev ina Chathaoirleach ar Aontas Réigiúnach na dTionsclaithe agus na bhFiontraithe i Moscó, comhlachas réigiúnach na bhfostóirí. | 24.2.2025 |
| 1923. | Nikita Vladimirovich NAGORNY<br>Rúisis: Никита Владимирович НАГОРНЫЙ | Feidhm: Leas-Chathaoirleach ar Bhord na gluaiseachta poiblí-stáit uile-Rúise do leanaí agus don óige 'Movement of the First'<br>Dáta Breithe: 12.2.1997<br>Áit bhreithe: Rostov on Don, Cónaidhm na Rúise anois<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá Nikita Nagorny ina Leas-Chathaoirleach ar Bhord na gluaiseachta poiblí-stáit uile-Rúise do leanaí agus don óige 'Movement of the First' agus is iar-cheannaire ar fhoireann ghinearálta na gluaiseachta sóisialta tírghráiche míleata uile-Rúise 'Young Army' (Yunarmiya). Bhí baint aige le hollfhuadach, díbirt neamhdhleathach agus aistriú éigeantach leanaí Úcránacha ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil go dtí an Rúis.<br>I mí an Mhárta 2022, thairg Nikita Nagorny bronntanais a thabhairt ar aghaidh do thrúpaí na Rúise a bhí ag troid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Is lúthchleasaí mór le rá é Nikita Nagorny ag a bhfuil lucht leanúna mór agus imríonn sé tionchar suntasach orthu. Thacaigh sé go poiblí le gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise san Úcráin. Trína thionchar, tá sé freagrach as bolscaireacht agus bréagaisnéis a scaipeadh ar son na Rúise maidir le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, chomh maith le ról gníomhach a imirt maidir le tacaíocht intíre a shlógadh sa Rúis don chogadh ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Nikita Nagorny ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1924. | Aleksandr Vyacheslavovich SYCHUGOV<br>Rúisis: Александр Вячеславович СЫЧУГОВ | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC 'Voskresensky Aggregation Factory'<br>Dáta breithe: 29.9.1962<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Aleksandr Sychugov Ard-Stiúrthóir JSC 'Voskresensky Aggregation Factory' agus bhí sé roimhe sin ina Ard-Stiúrthóir ar Federal State Enterprise 'Voskresensk State Aggregate Plant' ón 24 Meán Fómhair 2018 go dtí atheagrú na cuideachta an 31 Eanáir 2023. Dá bhrí sin, bhí Sychugov ina Ard-Stiúrthóir agus, dá bhrí sin, ina phríomhchinnteoir i 'Voskresensky Aggregation Factory' ón 24 Meán Fómhair 2018.<br>Déanann JSC 'Voskresensky Aggregation Factory' (Federal State Enterprise 'Voskresensk State Aggregate Plant' roimhe seo) na harmáin seo a leanas a chóimeáil: diúracáin threoraithe frith-aerárthaigh, diúracáin threoraithe ó aer go haer agus ó aer go dromchla, diúracáin chúrsála, aerbhuamaí ardphléascacha agus aerbhuamaí ardphléascacha feabhsaithe le modúil faoileitilte agus ceartúcháin aontaithe lena ndéantar buamaí treoraithe de bhuamaí saorthitime na Rúise. Ba é RUB 2 027 159 762,00 glanluach sócmhainní JSC 'Voskresensky Aggregation Factory' an 31 Nollaig 2023.<br>Is scairshealbhóir de JSC 'Voskresensky Aggregation Factory' é JSC Concern VKO Almaz-Antey (eintiteas liostaithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin), monaróir arm faoi úinéireacht stát na Rúise a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus córais diúracán cúrsála d'arm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC 'Voskresensky Aggregation Factory' ar cheann de na monaróirí córas diúracán aerchosanta is tábhachtaí i gCónaidhm na Rúise. Úsáideann an Rúis airm ó JSC 'Voskresensky Aggregation Factory' san Úcráin, lena n-áirítear in ionsaithe ar spriocanna sibhialtacha. Ina cháil mar Stiúrthóir Ginearálta, ba é Sychugov an príomhchinnteoir ó mhí Mheán Fómhair 2018 i leith. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as úsáid armán arna monarú ag JSC 'Voskresensky Aggregation Factory' san Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Aleksandr Sychugov, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir ar JSC 'Voskresensky Aggregation Factory', ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ós rud é gur soláthraí trealaimh mhíleata d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise í an chuideachta, tá Aleksandr Sychugov ag baint tairbhe freisin as cinnteoirí na Rúise atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1925. | Vadim Aleksandrovich BADEKHA<br>Rúisis: Вадим Александрович БАДЕХА | Feidhm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin United Aircraft Corporation<br>Dáta breithe: 27.7.1979<br>Áit bhreithe: Lonnaíocht Sosva, Dúiche Serovsky, réigiún Sverdlovsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 772614711927<br>Eintiteas comhlachaithe: PJSC United Aircraft Corporation | Is é Vadim Badekha Ard-Stiúrthóir United Aircraft Corporation (UAC). Is monaróir Rúiseach aerárthaí sibhialta agus míleata é UAC agus is soláthraí tábhachtach é d'Aireacht Cosanta na Rúise, atá ag riar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.<br>Bhain an Rúis úsáid as na haerárthaí troda a tháirg UAC le linn a cogadh foghach ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Stiúrthóir Ginearálta UAC, tá Vadim Badekha freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.<br>Tá Vadim Badekha comhlachaithe le PJSC United Aircraft Corporation. | 24.2.2025 |
| 1926. | Vadim Valerievich STARTSEV<br>Rúisis: Вадим Валерьевич СТАРЦЕВ | Feidhm: Bainisteoir ginearálta ar JSC NPO 'Orion'<br>Dáta breithe: 12.4.1970<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 770304284968<br>Eintiteas comhlachaithe: JSC NPO 'Orion' | Is é Vadim Startsev Bainisteoir-gineareálta JSC NPO 'Orion', cuideachta taighde agus monaraíochta Rúiseach a fhorbraíonn agus a tháirgeann comhpháirteanna leictreonacha ardteicneolaíochta, lena n-áirítear chun coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise a fhorbairt. Is leis an gcuideachta JSC Shvabe JSC NPS 'Orion', a sholáthraíonn agus a mhonaraíonn córais mhonaraithe optúla agus léasair d'Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, mar Bhainisteoir Ginearálta ar JSC NPO 'Orion', tá Vadim Valerievich Startsev ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá sé comhlachaithe le JSC Shvabe, atá freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1927. | Aleksandr Vyacheslavovich ZAKHAROV<br>Rúisis: Александр Вячеславович ЗАХАРОВ<br>ar a dtugtar freisin Aleksandr Vjačeslavovič ZACHAROV | Feidhm: Úinéir LLC 'CST'<br>Dáta breithe: 21.9.1965<br>Áit bhreithe: Izhevsk, Poblacht na hUdmairt, APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 183111242406<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>— LLC 'CST'<br>— JSC Kalashnikov Concern | Is é Alexander Zakharov an scairshealbhóir is mó de chuid LLC 'CST' (ar a dtugtar Zala Aero freisin) é, atá ag i mbun forbairt, táirgeadh agus oibriú deisiú coimpléasc aersprice agus aerfheithiclí gan foireann (UAVanna), monaraíonn LLC CST aerárthaí gan foireann KUB agus Lancet-1 a úsáideann arm na Rúise ina chogadh foghach ar an Úcráin. Tá LLC 'CST' liostaithe ag an Aontas. Tá scairsheilbh suntasach i LLC 'CST' é JCS Kalashnikov Concern, eintiteas atá liostaithe ag an Aontas.<br>Is é Alexander Zakharov príomhdhearthóir Aeroscan freisin, a bhí faoi úinéireacht a mhic go dtí Deireadh Fómhair 2023 ar a laghad. Tá baint ag Aeroscan freisin, in éineacht le LLC 'CST', le forbairt agus le táirgeadh aerárthaí gan foireann a úsáideann arm na Rúise san Úcráin. Bhí Alexander Zakharov i dteannta an Uachtaráin Vladimir Putin agus an Aire Cosanta Sergei Shoigu agus nuair a thug siad cuairt ar láithreán táirgthe Aeroscan le haghaidh UAVanna Lancet i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí Feabhra 2024, faoi seach.<br>Dá bhrí sin, tá Alexander Zakharov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú go hábharach freisin le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá baint aige le LLC CST agus JSC Kalshnikov Concern. | 24.2.2025'; |

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '508. | Joint Stock Company NPO "Orion"<br><br>Rúisis: Акционерное общество НПО "Орион'<br><br>ar a dtugtar freisin Orion Scientific Production Association<br><br>ar a dtugtar freisin АО НПО Орион | Seoladh: Trekhprudny 5, Moscow, Cónaidhm na Rúise<br><br>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic<br><br>Áit chlárúcháin: Trekhprudny 5, Moscow, Cónaidhm na Rúise<br><br>Dáta clárúcháin: 27.12.2012<br><br>Uimhir chlárúcháin: 1127747292738<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7720770380<br><br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta taighde agus monaraíochta Rúiseach é JSC NPO "Orion" a fhorbraíonn agus a tháirgeann comhpháirteanna leictreonacha ardteicneolaíochta, lena n-áirítear chun coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise a fhorbairt. Is leis an gcuideachta JSC Shvabe é, a sholáthraíonn agus a mhonaraíonn córais mhonaraithe optúla agus léasair d'Fhórsaí Armtha na Rúise, a mbaintear úsáid astu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC NPO "Orion" ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tá JSC NPO "Orion" comhlachaithe le JSC Shvabe, atá freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 509. | Limited Liability Company Alabuga Innealra<br><br>Rúisis: Общество с ограниченной ответственностью "Алабуга Машинери<br><br>ar a dtugtar freisin LLC Alabuga Machinery<br><br>ar a dtugrat freisin ООО Алабуга Машинери | Seoladh: b. 5/12, SH-2 St., Special Economic Zone Alabuga, Yelabuga municipal district, municipality of Yelabuga, Tatarstan, Cónaidhm na Rúise, 432601<br><br>An cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 1674003000 | Is táirgeoir Rúiseach meaisín-uirlisí agus giaranna é LLC Alabuga Machinery. Is fochuideachta 100 % é freisin de LLC Alabuga Development, ar fochuideachta 100 % é de JSC Alabuga (atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais ón 18 Nollaig 2023). Dá bhrí sin, is é JSC Alabuga úinéir tairbhiúil deiridh LLC Alabuga Machinery.<br><br>Úsáidtear LLC Alabuga Machinery chun ladrainn Shahed-136 na hIaráine a chuirtear ar fáil don Rúis agus a chóimeáil, agus tá ról tábhachtach aige i slabhra soláthair na ladrann sin a bhíonn á n-úsáid ag arm na Rúise le linn a ionsaithe ar chríoch na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá LLC Alabuga Machinery freagrach as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé comhlachaithe leis an JSC Alabuga Special Economic Zone, atá freagrach freisin as tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó le gníomhaíochtaí ar bagairt iad ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 510. | Public Joint Stock Company ‘Central Scientific and Production Association ‘Leninetz’<br>Rúisis: Публичное акционерное общество “Центральное Научно-Производственное Объединение ‘Ленинец’”<br>ar a dtugtar freisin PJSC ‘CSPA ‘LENINETZ’<br>ar a dtugtar freisin PJSC ‘CSPA ‘LENINETS’<br>ar a dtugtar freisin PJSC ‘NPO ‘LENINETZ’<br>ar a dtugtar freisin ‘ПАО ‘ЦНПО ‘ЛЕНИНЕЦ’ | Seoladh: 212 Moskovsky Ave, St. Petersburg, Cónaidhm na Rúise<br>Seoladh: 34 Yuri Gagarin Ave., Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise, 196143<br>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí<br>Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair<br>Uimhir chlárúcháin: 1027804858146<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7810240719<br>Ríomhphost: office@npo-leninetz.ru<br>Teileafón: + 7 (812) 448-8001, + 7 (812) 610-9848 | Is cuideachta Rúiseach é PJSC ‘Central Scientific and Production Association ‘Leninetz’ (PJSC ‘CSPA ‘Leninetz’) atá speisialaithe i bhforbairt agus i dtáirgeadh trealaimh radair agus loingseoireachta, lena n-áirítear chun tairbhe arm na Rúise. Go háirithe, tá baint ag PSJC ‘CSPA ‘Leninetz’ le radar aerbheirthe Zaslon a tháirgeadh agus a fhorbairt, lena ndéantar aerárthaí MiG-31 a fheistiú a bhíonn á n-úsáid ag arm na Rúise san Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá PJSC ‘CSPA ‘Leninetz’ ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |
| 511. | JSC “Holding Company ‘LENINETZ’”<br>Rúisis: АО Акционерное Общество “Холдинговая Компания ‘ЛЕНИНЕЦ’”<br>ar a dtugtar freisin АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “ХОЛДИНГОВАЯ КОМПАНИЯ ‘ЛЕНИНЕЦ’”<br>ar a dtugtar freisin JSC “Holding Company ‘LENINETZ’”<br>ar a dtugtar freisin JSC “Holding Company ‘LENINETS’” | Seoladh: 212 Moskovsky Ave, St. Petersburg, Cónaidhm na Rúise<br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir chlárúcháin: 1027804850369<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7810221748 | Is eintiteas Rúiseach é “Holding Company ‘LENINETZ’” a rialaíonn PJSC ‘Central Scientific and Production Association ‘Leninetz’ (PJSC ‘CSPA ‘Leninetz’). Is cuideachta Rúiseach é PJSC ‘CSPA ‘Leninetz’ atá speisialaithe i bhforbairt agus i dtáirgeadh trealaimh radair agus loingseoireachta, lena n-áirítear chun tairbhe arm na Rúise. Go háirithe, tá baint ag PSJC ‘CSPA ‘Leninetz’ le radar aerbheirthe Zaslon a tháirgeadh agus a fhorbairt, lena ndéantar aerárthaí MiG-31 a fheistiú a bhíonn á n-úsáid ag arm na Rúise san Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá “Holding Company ‘LENINETZ’” ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 512. | Center for Military Sports Training and patriotic education of youth [An tIonad um Oiliúint Spóirt Mhíleata agus um Oideachas tírghrách d'aos óg] "WARRIOR"<br><br>Rúisis: Центр военно-спортивной подготовки и патриотического воспитания молодежи<br><br>ar a dtugtar freisin an t-ionad 'WARRIOR' | Seoladh: Moscó, Radio str., d. 7, Cónaidhm na Rúise<br><br>Teileafón: + 7 (495) 098-00-00<br><br>ríomhphost: info@crvsp.ru<br><br>Eintitis chomhlachaithe eile: gluaiseacht stát poiblí leanaí agus óige Uile-Rúiseach ar a dtugtar 'Movement of the First' | Eagraíocht óige faoi stiúir an stáit is ea The Center for Military Sports Training and patriotic education of youth "WARRIOR" a bunaíodh i gCónaidhm na Rúise chun oideachas tírghrách agus míleata a chothú. Faigheann sé tacaíocht ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise, a thug treoir don ionad WARRIOR a bheith ag oibriú i ndlúthchomhar leis na rannpháirtithe i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá gníomhaíochtaí á ndéanamh ag an ionad WARRIOR freisin i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, trí bhrainsí áitiúla.<br><br>Rinne an t-ionad WARRIOR Center roinnt tionscadal freisin leis an ngluaiseacht stát poiblí leanaí agus óige Uile-Rúiseach 'Movement of the First', eintiteas atá liostaithe ag an Aontas.<br><br>Dá bhrí sin, tá Center for Military Sports Training and patriotic education of youth "WARRIOR" freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, nó tá sé ag baint tairbhe as. Tá baint freisin ag Center for Military Sports Training and patriotic education of youth "WARRIOR" leis an ngluaiseacht stát poiblí leanaí agus óige Uile-Rúiseach 'Movement of the First'. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 513. | JSC “53 Arsenal”<br><br>Rúisis: Акционерное общество “53 Арсенал”<br><br>ar a dtugtar freisin AO 53 Arsenal<br><br>ar a dtugtar freisin 53 Arsenal PAO<br><br>ar a dtugtar freisin AO 53 Арсенал<br><br>ar a dtugtar freisin OAO 53 Арсенал | Seoladh: 606077, Cónaidhm na Rúise, Nizhny Novgorod Oblast, r-n Volodarskii, rp. Iuganets, ul. Parkovaia, 1<br><br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic<br><br>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise<br><br>Dáta clárúcháin: 18.2.2010<br><br>Uimhir chlárúcháin: 1105249001120<br><br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 5214010100<br><br>KPP: 521401001<br><br>Eintitis chomhlachaithe: JSC Technodinamika | Is cuideachta tionscail mhíleata de chuid na Rúise é JSC 53 Arsenal. Bíonn JSC 53 Arsenal ag athchóiriú agus ag táirgeadh armlóin a úsáideann arm na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá 53 Arsenal ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.<br><br>Ina theannta sin, is é JSC Technodinamika máthairchuideachta JSC 53 Arsenal, agus dá bhrí sin tá baint ag JSC 53 Arsenal le JSC Technodinamika. Is monaróir arm, armlóin, torthaí ceimice agus eitleoireachta é JSC Technodinamika ar sholáthraí míleata é d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 514. | Federal State-Financed Institution of Science Physics and Technology Institute Named After A.F. Ioffe of the Russian Federation Academy of Sciences<br><br>Rúisis: Федеральное государственное бюджетное учреждение науки Физико-технический институт им. А.Ф. Иоффе Российской академии наук<br><br>ar a dtugtar freisin Ioffe Physics Institute;<br><br>Ioffe Institute;<br><br>Physical-Technical Institute named after A.F. Ioffe.<br><br>ar a dtugtar freisin. ФТИ им. А.Ф. Иоффе;<br><br>ar a dtugtar freisin Физико-технический институт имени А.Ф. Иоффе РАН | Seoladh: 194021, Cónaidhm na Rúise, St. Petersburg, Ul. Politekhnicheskaya, 26<br><br>An cineál eintitis: Institiúid Chónaidhme arna maoiniú ag an Stát<br><br>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise<br><br>Dáta clárúcháin: 3.1.2003 (a bunaíodh in 1918)<br><br>Uimhir chlárúcháin: 1037804006998<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 7802072267<br><br>KPP: 780201001<br><br>Teileafón: + 7 (812) 297-22-45, + 7 (812) 297-23-75, + 7 (812) 297-79-28, + 7 (921) 304-02-29<br><br>Ríomhphost: post@mail.ioffe.ru, ftian@mail.ioffe.ru<br><br>Suíomh gréasáin: http://ioffe.ru | Is institiúid Rúiseach arna maoiniú ag an stát is ea Physics and Technology Institute Named After A.F. Ioffe ("Ioffe Institute") a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn earraí i réimsí na micrileictreonaice, na hoptaice agus na fisice teicniúla. Bíonn Ioffe Institute i mbun tascanna criticiúla chun bonn comhpháirte baile a fhorbairt i réimse na hoptaileictreonaice, go háirithe léasair le haghaidh úsáidí éagsúla. Faigheann Ioffe Institute tacaíocht airgeadais agus institiúideach stáit do na tionscadail sin. Ina theannta sin, úsáidtear teicneolaíochtaí a fhorbraíonn Ioffe Institute chun teicneolaíochtaí allmhairithe a ionadú i dtionscail thábhachtacha na Rúise, lena n-áirítear sa tionscal míleata. Dá bhrí sin, tá Ioffa Institute ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | 24.2.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 515. | Autonomous Non-Commercial Organization “Directorate of the Exhibition of Achievements ‘Russia’”<br><br>Rúisis: Автономная Некоммерческая Организация “Дирекция Выставки Достижений ‘Россия’”<br><br>ar a dtugtar freisin National Center “Russia”<br><br>ar a dtugtar freisin АНО “ДВД ‘Россия’”<br><br>ar a dtugtar freisin Национальный центр “Россия” | Seoladh: Krasnopresnenskaya embankment 14, Moscow, Cónaidhm na Rúise<br><br>An cineál eintitis: Eagraíocht neamhbhrabúis uathrialaitheach<br><br>Áit chlárúcháin: Brodnikov pereulok 7, Moscow, Cónaidhm na Rúise<br><br>Dáta clárúcháin: 9.3.2023<br><br>Uimhir chlárúcháin: 1237700185645<br><br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br><br>Uimhir Aitheantais Chánach: 9703137862 | D’eagraigh an eagraíocht neamhbhrabúis uathrialaitheach “Directorate of the Exhibition of Achievements ‘Russia’” an taispeántas agus an fóram idirnáisiúnta ‘Russia’ agus anois bainistíonn sí National Center ‘Russia’. I mí Iúil 2024, shínigh an tUachtarán Vladimir Putin ordú chun Ionad Náisiúnta ‘Russia’ a bhunú chun oidhreacht an taispeántais a chaomhnú ar bhonn buan. Ag an taispeántas ‘Russia’, agus ag an Ionad Náisiúnta ‘Russia’, bhí taispeántais ar siúl acu maidir le críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, críocha a chuirtear i láthair mar chríocha de chuid Chónaidhm na Rúise agus a chuirtear ar taispeáint taobh le críocha na Rúise. Ag an taispeántas, reáchtáiltear imeachtaí go rialta lena ndéantar ceiliúradh ar fhorghabháil agus ionghabháil na Rúise ar chríocha na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Autonomous Non-Commercial Organization ‘Directorate of the Exhibition of Achievements ‘Russia’” ag tacú le beartais, agus á gcur chun feidhme, ar beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na beartais sin ar an méid sin. | 24.2.2025 |
